

Athair

le Mícheál Ó Conghaile


Foghlaim
TG 4

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Athair

Saol agus Saothar an Scríbhneora



Rugadh Mícheál Ó Conghaile in Inis Treabhair i gConamara, Co. na Gaillimhe sa bhliain 1962. Tá cónaí air in Indreabhán, Conamara agus is ann a bhunaigh sé a chomhlacht foilsitheoireachta féin, Cló Iar-Chonnacht, sa bhliain 1985. Tá clú agus cáil bainte amach aige mar fhoilsitheoir bisiúil agus rathúil a bhfuil níos mó ná 500 leabhar Gaeilge foilsithe aige le breis agus tríocha bliain anuas. Is scríbhneoir aitheanta é an Conghaileach a bhfuil neart seánraí éagsúla cleachtaithe aige ina measc, gearrscéalta, drámaí agus úrscéalta. D'fhoilsigh sé a chéad chnuasach gearrscéalta An Fear a Phléasc sa bhliain 1997 agus tagann an gearrscéal 'An tAthair' ón gcnuasach sin. Tá an dráma Cúigear Chonamara a scríobh sé sa bhliain 2003 ar cheann de na drámaí Gaeilge is mó cáil. Tá an Conghaileach ina bhall d'Aos Dána ón mbliain 1998. Tá sé ag scríobh leis i gcónaí.

Foghlaim



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Athair


le Mícheál Ó Conghaile



Anois, breathnaigh ar Mhícheál Ó Conghaile ag léamh a ghearrscéil ar shuíomh gréasáin FoghlaimTG4. Tá an gearrscéal seo scríofa i gcanúint Mhíchil Uí Chonghaile, is í sin, Gaeilge Chonamara. Tá gluais anseo le dul leis an scéal:

- Inseacht = Insint
- Ariamh = Riamh
- Ina fhochair = Ina theannta
- Uncaileachaí = Uncailí
- Eicínt = Éigin
- Snigh = Silleadh
- Siúráilte = Cinnte
- An seac = An gheit
- Seitreach = Gnúsacht
- Dhá mheandar = Dhá nóiméad
- Gan amhras = Gan dabht
- Bhreathnaigh sé orm = D'fhéach sé orm
- Ag póirseáil = Ag lorg
- Dhá stráca = Dhá stráice
- Sa mbaile = Sa bhaile
- Togha = Go breá
- Síoraí seasta = An t-am ar fad
- Tharlódh go bhfuil = D'fhéadfadh go bhfuil
- Sul má d'imigh siad = Sular imigh siad
- Méiteanna = Cairde
- Bleá Cliath = Baile Átha Cliath
- Treabhsair = Bríste
- Ní móide = Ní dócha
- I gcónaí = Fós





**‘...there is in the short story
at its most characteristic
something we do not find
in the novel – an intense
awareness of human
loneliness.’**

Frank O'Connor

Athair

Achoimre ar an scéal




Tosaíonn an Conghaileach an gearrscéal seo le ceist nach ceist go baileach atá ann ach ráiteas; ‘Cén chaoi a mbeadh a fhios agamsa céard a dhéanfainn – théis dom é a inseacht dó – mar nach bhfaca mé m’athair ag caoineadh cheana ariamh.’ Cuireann an abairt éiginnte agus thobann seo tús le scéal atá lán le ceisteanna nach bhfuil freagraí orthu agus ráitis dhébhríocha nach bhfuil soiléir in amanta. Ag croílár an scéil seo tá uaigneas, grá agus dlúthnasc idir an reacaire agus a athair.

Insíonn reacaire an scéil láithreach dúinn go bhfuil a theaghlach faoi scamall an bhróin. Cailleadh a mháthair ‘naoi mí roimhe sin’ agus tá easnamh na máthar le mothú le linn an scéil uile. ‘Deoir nár chaoi’ a athair nuair a cailleadh í toisc an gheit uafásach nó ‘seac’ a baineadh as. Is léir go raibh caidreamh grámhar ag an athair lena bhean chéile agus feicimid go minic le linn an scéil é ‘ag braiteoireacht thart’ amhail is go bhfuil tacaíocht á lorg aige óna bhean chéile agus é ag labhairt lena mhac.



Athair

Achoimre ar an scéal




Tuigtear dúinn láithreach go bhfuil dlúthchaidreamh idir an reacaire agus a athair, is é an mac an t-aon pháiste a chónaíonn sa bhaile agus cuidíonn sé lena athair ar an bhfeirm. Tá an gearrscéal seo scríofa sa chéad phearsa, ó pheirspeictíocht phearsanta an mhic, agus é ag insint dá athair den chéad uair go bhfuil sé aerach. Is díol spéise é, áfach, nach n-úsáideann an reacaire an focal aerach riamh le linn an scéil, rud a leagann béim ar an deacracht atá ag focail cur síos beacht a dhéanamh ar mhothúcháin dhoimhne an chroí. Ní féidir le hathair an reacaire fiú an focal a rá “‘Agus tá tú...,’ a deir sé, ag stopadh mar a dhéanfaidh an focal staic stobarnáilte ina scornach”. Tá athrá ar an ráiteas neamhchríochnaithe seo arís nuair a deir an t-athair “‘[a]gus deir tú liom go bhfuil tú...’” a leagann béim ar an deacracht atá ag an athair a rá go bhfuil a mhac aerach. Tá deacrachtaí cumarsáide mar phríomhthéama sa scéal seo, mar sin.

Goilleann an ‘seitreach phianmhar dhrogallach sheachantach’ a thagann óna athair go mór ar an reacaire nuair a insíonn sé dó go bhfuil sé aerach. Níor chaoin a athair nuair a cailleadh a máthair agus ní fhaca sé a athair riamh ag léiriú a chuid mothúchán go hoscailte ar an gcaoi sin cheana. Baineann an reacaire úsáid as an téarma ‘focalspárlach’ i leith a athar agus sa tost a leanann an ráiteas seo a léirítear pearsantacht agus carachtar an athar.

Athair

Achoimre ar an scéal




Agus é ag iarraidh teacht ar thuiscint faoina mhac, casann an t-athair i dtreo na ndeasghnáth a chabhraíonn leis dul i ngleic leis an bhfírinne. Casann sé i dtreo an ‘buicéad guail’ chun an ‘range’ a chothú. Is móitíf an-chliste é an ‘range’ a úsáideann an Conghaileach go minic sa scéal. Is croílár an tí agus an teaghlaigh é an ‘range’ seo a choinníonn an teach te, teolaí agus compordach. Go traidisiúnta ba é jab an athar aire a thabhairt dá theaghlach agus feictear an t-athair go minic le linn an scéil seo ag casadh i dtreo an ‘range’ agus é ag iarraidh é a chothú. Go siomblach, tá sé ag iarraidh aire a thabhairt dá mhac agus é a chosaint. Léiríonn sé go bhfuil sé buartha faoi agus faoina thodhchaí mar fhear óg aerach in Éirinn sna nóchaidí nuair nach raibh sé éasca a bheith aerach.

Fear den seandéanamh é athair an reacaire, é seanfhaiseanta, stuama agus ciallmhar. Cuireann sé leis na ceisteanna a bhí aige ag tús an scéil le sraith de cheisteanna eile faoin méid a bhí ar eolas ag a bhean chéile agus faoin méid a d’inis an mac dá dheirfiúracha. Agus é ag iarraidh dul i ngleic leis an eolas sin, casann sé i dtreo na ndeasghnáth arís. Cuireann sé citeal síos ar an ‘range’ chun tae a dhéanamh dó féin le ‘braon beag d’uisce an tobair’ ón bhfeirm. Tugann na deasghnátha seo solás dó agus é ag iarraidh an scéal a shú isteach.

Athair

Achoimre ar an scéal



Fiafraíonn an t-athair dá mhac faoi ‘Shíle Mhicí Beag’, cailín áitiúil, ar shiúil an mac amach léi ar feadh tamaill. Insíonn an mac dó nach raibh sé cinnte céard a bhí uaidh an t-am sin, gur tháinig athrú intinne air agus nach ‘[m]bíonn a fhios ag duine ag an aois sin céard a bhíonn uaidh, ná cá mbíonn a thriall’. Léiríonn an mac anseo go bhfuil sé tar éis dianmhachnamh a dhéanamh ar gach rud agus go bhfuil tuiscint mhaith aige air féin agus céard atá uaidh sa saol. Tar éis dó an cheist a chur faoina iarchailín, cuireann an t-athair ceist air faoina chuid turas go ‘Bleá Cliath’. Is léir anseo go bhfuil ar an mac éalú óna cheantar iargúlta go príomhchathair na tíre le bheith saor ó bhreithiúnas an phobail. Agus é ag iarraidh an chuid seo den scéal a thuiscint, casann an t-athair i dtreo ‘jug’ atá ar ‘bhord na cistine’ agus ar seanbhuicéad ‘enamel’ chun an bainne a théamh.


Agus é ag triomú an bhuicéid, tagann eagla ar an athair faoi shláinte a mhic. Léiríonn sé a imní agus a bhuairt anseo, rud a fheiceann an mac i ‘roicne crosacha leathchiorcalacha leathchearnógacha’ a aghaidh a léiríonn go bhfuil sé ag éirí sean agus tuirseach. Cuireann sé ceist air ‘Cén chaoi ‘bhfuil do shláinte, nó an bhfuil tú ceart go leor[?]’ Bhí neart imní ag deireadh na n-ochtóidí agus tús na nóchaidí faoi VEID (HIV) i measc an phobail aeraigh. Léiríonn an cheist seo go bhfuil an t-athair ag iarraidh aire a thabhairt dá mhac agus é a chosaint. Cuireann an cheist seo grá an athar in iúl agus léiríonn sé don reacaire go bhfuil a athair buartha faoi.

Foghlaim



Athair

Achoimre ar an scéal




Cuimhníonn an reacaire ansin ar a ‘m[h]éiteanna agus lucht aitheantais i mBleá Cliath’ atá aerach freisin agus ar an gcomhrá a bhí acu lena muintir faoina ngnéasacht. Níor éirigh chomh maith céanna leo toisc gur chuir a muintir an ruaig orthu ón mbaile. Cuimhníonn an reacaire ar a chara Robin a chuir lámh ina bhás féin toisc go ndúirt a thuismitheoirí leis ‘nach raibh siad ag iarraidh é a fheiceáil lena mbeo go deo aríst’. Tá codarsnacht anseo idir scéalta brónacha na bhfear aerach seo agus a scéal féin toisc go bhfuil críoch éagsúil ag an reacaire. In ainneoin gur bhain scéal a mhic stangadh as, tá grá an domhain ag an athair dó agus ní theastaíonn uaidh é a chur amach ar thaobh an bhóthair. Léiríonn sé dá mhac go bhfuil sé ann dó, go dtabharfaidh sé aire dó i gcónaí agus nach n-athróidh aon rud. Mar a thosaigh an scéal le ceist, críochnaíonn an t-athair lena cheist féin ‘An seasfaidh tú roimh an mbó bhradach dom? Ní cruacheist í sin ar nós na gceisteanna eile a chuir sé le linn an scéil, is gnáthcheist í seo a léiríonn don mhac go bhfuil gá aige leis, go bhfuil fáilte roimhe sa bhaile i gcónaí agus go bhfuil grá aige dó.



Athair

Teideal an an ghearrscéil



‘Athair’ is teideal don ghearrscéal seo, teideal atá spéisiúil, cliste agus uilíoch. Níl aon alt roimh an bhfocal, ní ‘An tAthair’ is teideal don ghearrscéal ach ‘Athair’ a léiríonn uilíocht an scéil. Ní thugtar ainm don athair ná don mhac, d’fhéadfadh aon duine a bheith i ról an athar nó i ról an mhic. Is carachtair iad a aithnímid go léir agus tá sé éasca go leor ionannú leo.

In ainneoin go bhfuil an gearrscéal seo scríofa sa chéad phearsa ó pheirspeictíocht an mhic faoina scéal féin, tá ‘Athair’ mar theideal ag an gConghaileach toisc go bhfuil sé ag iarraidh orainn breathnú ar mhothúcháin, theanga agus iompar an athar nach dual do dhaoine breathnú orthu de ghnáth agus an saghas seo scéil a insint. Is scéal trí lionsa eile é mar sin, rud a dhéanann an-difriúil agus spéisiúil é dá bharr.

